AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2016
SWD(2016) 14 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**Daingniú agus Cur chun Feidhme Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008**

{COM(2016) 39 final}
{SWD(2016) 17 final}
{SWD(2016) 18 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Measúnú Tionchair ar *an Daingniú agus an gCur Chun Feidhme atá le déanamh ag an Aontas Eorpach ar Choinbhinsiúin Minamata maidir le Mearcair***

**A. Ní mór gníomhú. Cén fáth?**

**Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéid

*Má bhítear faoi lé mearcair, go mór mór trí iasc truaillithe a ithe, is féidir go ndéanfar díobháil don inchinn, do na scamhóga, do na duáin agus don chóras imdhíonachta. Tá gníomh déanta ag an Aontas Eorpach cheana féin d'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb trí astaíochtaí agus úsáid mearcair sa bhaile a laghdú. Mar sin féin, ós fadhb dhomhanda í fadhb an mhearcair, níl sé ar chumas an Aontais Eorpaigh leis féin a ndóthain cosanta a thabhairt dá saoránaigh, mar is ó chríocha eile den domhan a thagann cuid mhaith de na hastaíochtaí atá freagrach as daoine a bheith faoi lé mearcair. Dá bhrí sin thacaigh an tAontas Eorpach go gníomhach leis an idirbheartaíocht idirnáisiúnta maidir le conradh domhanda ar mhearcair agus shínigh sé Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair. Go dtí go mbeidh Coinbhinsiún Minamata daingnithe ag 50 páirtí ar a laghad, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm agus dá bhrí sin níltear ag dul i ngleic leis an bhfadhb thuas ar an leibhéal domhanda. Sainaithníodh sé réimse nach bhfuil reachtaíocht an Aontais Eorpaigh curtha in oiriúint do Choinbhinsiún Minamata iontu i láthair na huaire. Baineann siad le (1) allmhairiú mearcair mhiotalaigh, (2) onnmhairithe táirgí ar cuireadh mearcair leo (3) úsáid mearcair i bpróisis thionsclaíocha atá ann cheana féin, (4) úsáidí nua mearcair i dtáirgí agus i bpróisis (5) mianadóireacht cheardaíochta agus mhion-scála agus (6) úsáid malgaim fiaclóireachta.*

**Cad a bhfuiltear ag súil leis ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéid

*Chuirfeadh gníomhaíocht idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhb an mhearcair le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh atá ar bun cheana féin agus chuirfeadh sé ar ár gcumas truailliú trí mhearcair a laghdú go mór ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus go domhanda agus laghdódh sé bogadh mearcair trasteorann isteach san Aontas Eorpach chomh maith. Sa mheántéarma go dtí an fadtéarma laghdódh sin truailliú an bhiashlabhra le mearcair.*

**Cad é an breisluach a ghabhann le gníomh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?** 7 líne ar a mhéid

*Tá gá le gníomh ar an leibhéal domhanda ós truailliú trasteorann é an truailliú mearcair. Mura ndaingneoidh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát é, ní thiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm agus ní thabharfar tacaíocht dó ar an leibhéal domhanda. De bhreis air sin, nithe áirithe (amhail trádáil tháirgí a bhfuil mearcair iontu) atá á rialú ag Coinbhinsiún Minamata, tá siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh nó chuirfidís isteach ar an acquis agus dá bhrí sin ní féidir déileáil leo ach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Lena chois sin, cé go bhfuil gach Ballstát tiomanta Choinbhinsiún Minamata a shíniú, ní fhéadfaidís sin a dhéanamh ach amháin nuair a bheadh an Coinbhinsiún trasuite agus daingnithe ag an Aontas Eorpach.*

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breathnaíodh? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéid

*Ní féidir trasuí dlí idirnáisiúnta a bhaint amach ach amháin tríd an mbealach reachtach. Ós rud é go bhfuil acquis ollmhór ann maidir le mearcair atá ag an Aontas Eorpach, agus ós rud é go bhfuil Coinbhinsiún Minamata bunaithe go mór mór ar dhlí an Aontais Eorpaigh, ní gá don Aontas Eorpach ach idirghabhálacha reachtacha beaga a dhéanamh. Tá na roghanna cumtha ar shlí gur féidir dul i ngleic le sé cinn de réimsí ina bhfuil bearnaí reachtacha. Ar an iomlán ní fhéachann siad ach leis na hathruithe is lú is gá a dhéanamh chun Coinbhinsiún Minamata a dhaingniú, é sin, nó téann siad níos faide agus cuireann siad cur chuige níos déine i bhfeidhm. Sa rogha tosaíochta tá srianta trádála ar mhearcair agus ar tháirgí ar cuireadh mearcair leo, cosc ar tháirgí nua a chur ar an margadh agus ar phróisis thionsclaíocha nua a úsáideann mearcair, srianta ar úsáid mearcair i bpróisis mhonaraithe áirithe agus coinníollacha sriantacha maidir le húsáid malgaim fiaclóireachta. Is éard atá ann go mór mór bearta atá i gcomhréir leis na hathruithe is lú a bhfuil gá leo chun an Coinbhinsiún a dhaingniú ach áiríonn sé bearta atá beagán níos déine maidir le húsáidí mearcair agus malgaim fiaclóireachta. Maidir le malgam fiaclóireachta, an rud is mó a tharraingíonn aird an phobail, measadh nach bhfuil an toirmeasc ar mhalgam fiaclóireachta, rud a bhfuil an pobal i bhfách leis, nach bhfuil sé comhréireach i bhfianaise thuairimí choistí eolaíochta an Aontais Eorpaigh um rioscaí sláinte agus comhshaoil agus cuireadh an rogha seo i leataobh dá bhrí sin.*

**Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** 7 líne ar a mhéid

*Tá tacaíocht fhorleathan ann do dhaingniú agus cur i bhfeidhm Choinbhinsiúin Minamata. Ar an iomlán. Ní raibh mórán difríochtaí suntasacha idir na freagraí a thug daoine aonair agus eagraíochtaí. Ba rogha lena bhformhór (39-85%) cur chuige níos déine a ghlacadh i dtrasuí an Choinbhinsiúin. Mar sin féin, b'fhearr le líon beag freagróirí (2-12%) cur chuige nach bhfuil chomh dian sin. Maidir le húsáidí mearcair i bpróisis thionsclaíocha, tacaíonn daoine aonair agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha go han-láidir ar fad le toirmeasc iomlán ach tá an tríú cuid d'eagraíochtaí na hearnála príobháidí ag iarraidh cur chuige nach bhfuil chomh dian sin. Maidir le malgam fiaclóireachta, thacaigh tromlach ollmhór de dhaoine aonair agus d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha le cosc ach thacaigh beagáinín níos lú ná an leathchuid d'eagraíochtaí na hearnála príobháidí le cur chuige níos boige.*

## C. Tionchar an rogha tosaíochta

**Cad iad tairbhí an rogha tosaíochta (más ann dóibh, mura bhfuil cad iad na príomhthairbhí)?** 12 líne ar a mhéid

Faightear *na príomhthairbhí mar thoradh ar theacht i bhfeidhm agus cur i ngníomh an Choinbhinsiúin i dtríú tíortha. Laghdóidh sin astaíochtaí mearcair domhanda agus san fhadtéarma laghdóidh sé truailliú an bhiashlabhra ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Lena chois sin, beidh laghdú ollmhór ar scaoileadh mearcair isteach i sloda agus uisce mar thoradh ar na roghanna tosaíochta i gcomhair nuashonrú an acquis. Beifear ag súil le poist a chruthú i gcuideachtaí a bhfuil baint acu le monarú, suiteáil agus cothabháil deighilteoirí malgaim nó atá saindírithe ar bhainistiú dramhaíola ina bhfuil mearcair.*

**Cad iad costais an rogha tosaíochta (má tá siad ann, mura bhfuil cad iad na príomhchostais)?** 12 líne ar a mhéid

Meastar gurb é *13-135 milliún EUR in aghaidh na bliana an costas iomlán ar an gcás tosaíochta. Meastar go mbeidh na tionchair eacnamaíocha is suntasaí ar an earnáil táirgthe ceimiceán, réimse ina bhfuil próiseas mearcair á chur i bhfeidhm faoi láthair in dhá shaoráid sa Ghearmáin chun alcóláití a úsáidtear i bpróisis chatalaíocha éagsúla a tháirgeadh. Ós rud é nach bhfuil sé socraithe sa chás sin cé acu a thiontófar nó nach dtiontófar an dá shaoráid thionsclaíocha sin go próisis saor ó mhearcair gan mhoill rómhór, rud a bhraitheann ar na bearta a dhéanfaidh an Ghearmáin nó an tionscal go deonach. Dá bhrí sin tá an réimse costais maidir leis an rogha seo (3-77 milliún EUR in aghaidh na bliana) an-mhór. Baineann costas breise idir 10-58 milliún EUR in aghaidh na bliana le suiteáil agus cothabháil deighilteoirí malgaim in ionaid fiaclóireachta.*

**Cén tionchar a imreoidh sé ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus ar mhionfhiontair?** 8 líne ar a mhéid

*Ní imreoidh na roghanna tosaíochta tionchar suntasach ar* Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide *ná ar mhionfhiontair ach amháin i gcás na bhfiaclóirí siúd nach bhfuil malgamóirí ná deighilteoirí malgaim fiaclóireachta acu fós.*

*Cuirfidh tríú tíortha a urramaíonn an Coinbhinsiún caighdeáin i bhfeidhm atá cosúil leo siúd atá i bhfeidhm san Aontas Eorpach. Cuirfidh siad le cothrom iomaíochta domhanda le haghaidh gníomhaíochtaí a úsáideann mearcair agus a astaíonn é.*

**An mbeidh tionchar suntasach ar na buiséid agus na riaracháin náisúnta?** 4 líne ar a mhéid

*Ní thiocfadh aon ualach suntasach riaracháin ná tionchar suntasach ar na buiséid náisiúnta as dá ndaingneodh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún ar Mhearcair. Chuideodh sé leis na Ballstáit é a dhaingniú. agus tá gealltanas tugtha acu sin a dhéanamh*

**An mbeidh aon tionchar suntasacha eile i gceist?** 6 líne ar a mhéid

Má thagann an Coinbhinsiún i bhfeidhm *meastar go n-osclóidh sin margaí d'eiceathionscal an Aontais Eorpaigh agus go dtacóidh sé le trádáil táirgí ón Aontas Eorpach a chomhlíonann cheana féin na ceanglais maidir le táirgí ina bhfuil leibhéal íseal mearcair agus táirgí saor ó mhearcair atá san áireamh i gCoinbhinsiún Minamata.*

## D. Obair leantach

**Cathain a ndéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéid

Ós rud é *gur mórghné d'aon mheastachán ar bheartas mearcair é an ghné dhomhanda, déanfaidh an tAontas*

*Eorpach athbhreithniú ar a bheartas in éineacht le meastachán éifeachtachta an Choinbhinsiúin. Táthar ag súil leis go ndéanfar sin in 2023.*